Carachtair Áitiúla

Aistí bunaithe ar léachtanna
Na Clocha Beo

curtha in eagar ag
Eoghan Mac Cormaic
agus Pádraig Ó Baoill

Tionchar Náisiúnta

Carachtair Áitiúla Tionchar Náisiúnta

Carachtair Áitiúla, Tionchar Náisiunta
Na Clocha Beo

Tá an leabhar seo arna fhoilsiú ag Gaeilge Locha Riach agus Glór na nGael le cuidiú Chomhairle Contae na Gaillimhe. Tá ábhar an leabhair bunaithe ar shraith léachtanna a reáchtaíodh i mBaile Locha Riach faoin téama *'Na Clocha Beo'*. Rinneadh ceiliúradh ar chlocha cuimhneacháin an bhaile trí léachtanna éagsúla a reachtáil le beocht a chur sna carachtair aitheanta go háitiúil.

Pléann na haistí seo stair agus seanchas Oirdheisceart na Gaillimhe i gcomharsanacht Bhaile Locha Riach ó thréimhse Raiftearaí an File ar aghaidh. Cuirtear síos ar *an Fhear Ríbín*, **Antaine Ó Dálaigh**, ar a raibh aithne ag **Raiftearaí** fosta. Pléitear laetha na hathbheochán ina raibh **Mícheál Ó Cíosóg** páirteach i mbunú an *Chumann Lúthchleas Gael* nó is i mBaile Locha Riach a eagraíodh an chéad chruinniú den choiste a bhunaigh an *CLG* ar dtús. I dtaca an ama céanna, bhí **Patsy Tuohy**, píobaire, páirteach i gcúrsaí ceoil is a bhain clú agus cáil amach dó féin i Meiricea. Tá léargas ar aimsir achrannach na dtrioblóidí ag tús an 20ú haois agus cur síos ar **Shéamas Ó Ceallaigh** agus ar **an Athair Mícheál Uí Gríofa** a maraíodh ag na Dubhchrónaigh i 1920. Mar aon leis an mhéid sin uilig, tá scéalta ar na ceoltóirí **Peter** is **Vincent Broderick** agus **Paddy Carty** a bhain clú agus cáil amach ar fud na hÉireann ó na caogaidí ar aghaidh..

Eoghan Mac Cormaic agus **Pádraig Ó Baoill** a chur eagar ar an leabhar ach tá an creidmheas ar fad ag dul do na haoi-léachtóirí ina measc **Pat Mitchell**, **Nollaig Ó Muraíle**, **Míchael Mac Donncha**, **Seosamh Mac Donncha**, **Cormac Ó Comhraí** agus **Séamas Mac Mathúna**.

Míníonn an teideal nach bhfuil na scéalta seo teorannta do Iarthar na tíre áfach, nó bhí tionchar ag gach pearsa acu siúd sa leabhar ar chultúr, sochaí agus stair na tíre i mbealaí éagsúla.

B'é Uachtarán nua-tófa Chonradh na Gaeilge **Pádraig Mac Fhearghusa** a sheol an leabhar ag oíche ceiliúrtha *'Gradaim Locha Riach'* ar na mallaibh.

Grianghraf faoi iamh:
Carachtair Áitiúla...
Clúdach an leabhair ina bhfuil na carachtair áitiúla le tionchar náisiúnta le feiceáil....
Ar Bharr... **An t-Athair Micheál Ó Gríofa**, **Patsy Touhy**, **Micheál Ó Cíosóg** agus **Raiftearaí**....
I Lár.... cloch cuimhneacháin **Antaine Uí Dhálaigh**, *Fear Ribín*.
Ag an Bhun...**Séamas Ó Ceallaigh**, **Peter Broderick**, **Paddy Carty** agus **Vincent Broderick**.